CÚIRT BHREITHIÚNAIS

LEASUITHE AR RIALACHA NÓS IMEACHTA NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS NA gCOMHPHOBAL EORPACH

an 7 Meitheamh 1989

TÁ AN CHÚIRT,

Ag féachaint d'Airteagal 55 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Chruach,

Ag féachaint don tríú mír d'Airteagal 188 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,

Ag féachaint don tríú mír d'Airteagal 160 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

De bhrí gur gá na Rialacha Nós Imeachta a leasú mar gheall ar bhunú Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach le Cinneadh 88/591/CEGC, CEE, CEFA ón gComhairle;

Le formheas d'aontoil ón gComhairle a tugadh ar on 29 Bealtaine 1989,

TAR ÉIS GLACADH LEIS NA LEASUITHE SEO A LEANAS AR A RIALACHA NÓS IMEACHTA:

Airteagal 1

Cuirfear na forálacha seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 109 agus roimh 'Forálacha Críochnaitheacha' Rialacha Nós Imeachta Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach a glacadh ar an 4 Nollaig 1974 *(Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* Uimh. L 350, 28. 12. 1974 lch. 1), agus a leasaíodh ar an 12 Meán Fómhair 1979 *(Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* Uimh. L 238, 21. 9. 1979, lch. 1), an 27 Bealtaine 1981 *(Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* Uimh. L 199, 20. 7. 1981, lch. 1) agus an 8 Bealtaine 1987 *(Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* Uimh. L 165, 24. 6. 1987, lch. 1):

'TEIDEAL IV

ACHOMHAIRC I GCOINNE BHREITHEANNA CHÚIRT CHEADCHÉIME NA gCOMHPHOBAL EORPACH

Airteagal 110

Gan dochar d'Airteagal 29 (2) (b) agus (c) ná don cheathrú fomhir d'Airteagal 29 (3) de na Rialacha seo, in achomhairc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Céadchéime dá dtagráitear in Airteagail 49 agus 50 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais CEGC, in Airteagail 49 agus 50 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais CEE agus in Airteagail 50 agus 51 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais CEFA, is í teanga na n-imeachtaí teanga na breithe de chuid na Cúirte Céadchéime a ndéantar an t-achomharc ina coinne.

Airteagal 111

1. Tabharfar achomharc trí iarratas a thaisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais nó i gClarlann na Cúirte Céadchéime.

2. Cuirfidh Clárlann na Cúirte Céadchéime láithreach chuig Clárlann na Cúirte Breithiúnais na páipéir a bhaineann leis an gcás chéadchéime agus, nuair is iomchuí, an t-achomharc.

Airteagal 112

1. Beidh san achomharc:

(a) ainm agus buanseoladh an pháirtí a dhéanann an t-achomharc, dá ngairtear an t-achomharcóir;

(b) ainmneacha na bpáirtithe eile sna himeachtaí os comhair na Cúirte Céadchéime;

(c) na forais agus na hargóintí dlí ar a bhfuil an t-achomharc bunaithe;

(d) an saghas ordaithe atá ag teastáil ón achomharcóir.

Beidh feidhm ag Airteagail 37 agus 38 (2) agus (3) de na Rialacha seo ar achomhairc.

2. Beidh breith na Cúirte Céadchéime is ábhar don achomharc i gceangal leis an achomharc. Tabharfar san achomharc an dáta ar ar cuireadh an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne i bhfios don achomharcóir.

3. Mura gcomhlíonann achomharc forálacha Airteagal 38 (2) agus (3) nó mír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 38 (7) de na Rialacha seo.

Airteagal 113

1. Iarrfaidh an t-achomharc:

— breith na Cúirte Céadchéime a neamhniú go hiomlán nó go páirteach,

— an saghas céanna ordaithe go hiomlán nó go páirteach a rabhthas á iarraidh ag an gcéad chéim, agus ní iarrfaidh sé saghas eile ordaithe.

2. Ní fhéadfar ábhar na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Céadchéime a athrú san achomharc.

Airteagal 114

Seirbheálfar fógra maidir leis an achomharc ar na páirtithe uile sna himeachtaí os comhair na Cúirte Céadchéime. Beidh feidhm ag Airteagal 39 de na Rialacha seo.

Airteagal 115

1. Féadfaidh páirtí ar bith sna himeachtaí os comhair na Cúirte Céadchéime frithaighneacht a thaisceadh laistigh de dhá mhí ón dáta ar ar seirbheáladh an t-achomharc air. Ní dhéanfar an t-achar ama chun achomharc a thaisceadh a fhadú.

2. Beidh sa fhrithaighneacht:

(a) ainm agus buanseoladh an pháirtí atá á taisceadh;

(b) an dáta ar ar seirbheáladh fógra an achomhairc air;

(c) na forais agus na hargóintí dlí ar a bhfuil an fhrithaighneacht bunaithe;

(d) an saghas ordaithe atá ag teastáil.

Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 38 (2) agus (3) de na Rialacha seo.

Airteagal 116

1. Iarrfaidh an fhrithaighneacht:

— an t-achomharc a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach, nó breith na Cúirte Céadchéime a neamhniú go hiomlán nó go páirteach,

— an saghas céanna ordaithe, go hiomlán nó go páirteach, a rabhthas á iarraidh ag an gcéad chéim, agus ní iarrfaidh sí saghas eile ordaithe.

2. Ní fhéadfaidh an fhrithaighneacht ábhar na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Céadchéime a athrú.

Airteagal 117

1. Féadfar an t-achomharc agus an fhrithaighneacht a fhorlíonadh le freagra nó athfhreagra nó pléadáil ar bith eile más deimhin leis an Uachtarán, ar iarratas a rinneadh laistigh de sheacht lá ó seirbheáladh an fhrithaighneacht nó an freagra, go bhfuil gá le tuilleadh pléadála den chineál sin, agus má cheadaíonn sé go sainráite é chun a chur ar chumas an pháirtí lena mbaineann a dhearcadh a nochtadh nó chun bonn a sholáthar don bhreith ar an achomharc.

2. Má aighnítear sa fhrithaighneacht gur cheart breith na Cúirte Céadchéime a neamhniú go hiomlán nó go páirteach maidir le saincheist nár tógadh san achomharc, féadfaidh an t-achomharcóir nó páirtí ar bith eile freagra a thabhairt ar an tsaincheist sin amháin laistigh de dhá mhí ó seirbheáladh an fhrithaighneacht lena mbaineann. Beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo i leith aon phléadála breise a thiocfaidh ón bhfreagra sin.

3. Má cheadaíonn an tUachtarán freagra agus athfhreagra a thaisceadh, nó pléadáil ar bith eile, socróidh sé an tréimhse inar gá iad a chur i láthair.

Airteagal 118

Faoi réir na bhforálacha seo a leanas, beidh feidhm ag Airteagail 42 (2), 43, 44, 55 go 90, 93, 95 go 100 agus 102 de na Rialacha seo ar an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais i leith achomhairc ó bhreith na Cúirte Céadchéime.

Airteagal 119

Más follasach go bhfuil an t-achomharc, go hiomlán nó go páirteach, do-ghlactha nó gan bhunús, féadfaidh an Chúirt tráth ar bith, tar éis di tuarascáil an Bhreitheamh-Rapóirtéir agus tuairimí an Abhcóide Ghinearálta a éisteacht, an t-achomharc a dhíbhe go hiomlán nó go páirteach le hordú réasúnaithe.

Airteagal 120

1. Tar éis na pléadálacha a chur i láthair dá bhforáiltear in Airteagal 115 (1) agus, más iomchuí, Airteagal 117 (1) agus (2) de na Rialacha seo, féadfaidh an Chúirt, tar éis di tuarascáil an Bhreitheamh-Rapóirtéir a fháil agus an tAbhcóide Ginearálta agus na páirtithe a éisteacht, a chinneadh an nós imeachta ó bhéal a fhágáil ar lár mura n-agóideann ceann de na páirtithe nár cheadaigh an nós imeachta i scríbhinn dó a dhearcadh a chosaint go hiomlán.

2. Más rud é, in achomharc os comhair na Cúirte, nach bhfeidhmítear aon nós imeachta ó bhéal, tabharfaidh an tAbhcóide Ginearálta a thuairim ó bhéal dá ainneoin sin i seisiún poiblí ar dháta a shocróidh an tUachtarán.

Airteagal 121

Cuirfear an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 44 (1) faoi bhráid na Cúirte tar éis na pléadálacha dá bhforáiltear in Airteagail 115 (1) agus 117 (1) agus (2) de na Rialacha seo a thíolacadh. Beidh sa tuarascáil, mar aon leis na moltaí dá bhforáiltear in Airteagal 44 (1), moladh maidir le hAirteagal 120 (1) de na Rialacha seo a chur nó gan a chur chun feidhme. Murar tíolacadh pléadálacha mar sin, beidh feidhm ag an nós imeachta céanna tar éis an tréimhse chun pléadálacha a thíolacadh a dhul in éag.

Airteagal 122

Má tá an t-achomharc gan bhunús nó má tá bunús maith leis agus má thugann an Chúirt féin an breithiúnas críochnaitheach sa chás, déanfaidh sí breith maidir le costais.

Sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 95 (3) de na Rialacha seo:

— ní bheidh feidhm ag Airteagal 70 de na Rialacha seo ach i leith achomharc a thionscnóidh institiúidí Comhphobail,

— de mhaolú ar Airteagal 69 (2) de na Rialacha seo, féadfaidh an Chúirt, in achomhairc a thionscnóidh feidhmeannaigh nó seirbhísigh eile institiúide, a chinneadh go mbeidh ar na páirtithe iad féin an t-iomlán nó cuid dá gcostais a íoc, sa mhéid is gá sin ar mhaithe le cothromas.

Má tharraingítear achomharc siar, beidh feidhm ag Airteagal 69 (4).

Má tá bunús le hachomharc atá déanta ag Ballstát nó institiúid Chomhphobail nach ndearna idiragairt sna himeachtaí os comhair na Cúirte Céadchéime, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a ordú go n-íocfaidh na páirtithe a gcostais féin, nó go mbeidh ar an achomharcóir a n-éiríonn leis na costais a íoc a tharraing an t-achomharc ar an bpáirtí a dteipeann air.

Airteagal 123

Ní foláir iarratas ar idiragairt a dhéantar ar an gCúirt in imeachtaí achomhairc a thaisceadh laistigh de thréimhse trí mhí ón dáta a taisceadh an t-achomharc. Tabharfaidh an Chúirt a breith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, trí ordú go bhfuil an idiragairt le ceadú nó gan a cheadú.'

Airteagal 2

Déanfar Airteagail 124 go 127 de sheanAirteagail 110 go 113 de na 'Forálacha Críochnaitheacha' sna Rialacha seo.

Airteagal 3

Déanfar na leasuithe seo ar na Rialacha Nós Imeachta, atá barántúil sna teangacha atá luaite in Airteagal 29 (1) de na Rialacha Nós Imeachta, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach,* agus tiocfaidh siad in éifeacht ar an lá tar éis a bhfoilsithe.